**IARSCRÍBHINN IV**

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 22 den Ionstraim Aontachais

1. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh: Cuid a Trí, Teideal III Airteagal 58(1)(a)

Ní bheidh feidhm ag ceart na mBallstát na forálacha ábhartha dá ndlí cánach a chur i bhfeidhm dá dtagraítear dóibh in Airteagal 58(1)(a) de Chonradh CE ach amháin i ndáil leis na forálacha ábhartha a bhí ann ag deireadh 1993. I gcás na hEastóine, is é an 31 Nollaig 1999 an dáta sin. Ar a shon sin, ní bheidh feidhm ag an méid sin ach amháin maidir le gluaiseachtaí caipitil idir Ballstáit agus íocaíochtaí arna ndéanamh idir Ballstáit.

## 2. DLÍ CUIDEACHTAÍ

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh: Cuid a Trí, Teideal I, Saorghluaiseacht earraí

### SÁSRA SONRACH

I dtaca le Poblacht na Seice, leis an Eastóin, leis an Laitvia, leis an Liotuáin, leis na Ungáir, leis an bPolainn, leis an tSlóivéin nó leis an tSlóvaic, féadfaidh sealbhóir deimhnithe fhorlíontaigh chosanta do tháirge cógaisíochta arna chomhdú i mBallstát tráth nárbh fhéidir cosaint a fháil don táirge sin i gceann de na Ballstáit nua thuasluaite, nó tairbhí an tsealbhóra sin, brath ar na cearta arna ndeonú ag an bpaitinn sin nó ag an deimhniú forlíontach cosanta sin d'fhonn allmhairiú agus margaíocht an táirge sin a chosc sa Bhallstát nó sna Ballstáit ina dtairbhíonn an táirge i dtrácht de chosaint phaitinne nó de chosaint fhorlíontach, fiú más eisean a chuir an táirge ar an margadh sa Bhallstát nua sin den chéad uair nó a thoiligh dó.

Aon duine a bhfuil sé ar intinn aige táirge cógaisíochta atá folaithe ag an mír thuas a allmhairiú nó a chur ar an margadh i mBallstát ina dtairbhíonn an táirge de chosaint phaitinne nó de chosaint fhorlíontach, taispeánfaidh sé do na húdaráis inniúla san iarratas i ndáil leis an allmhairiú sin gur tugadh réamhfhógra aon mhí do shealbhóir nó tairbhí cosanta den sórt sin.

## 3. BEARTAS IOMAÍOCHTA

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1 Rialacha Iomaíochta

1. Na scéimeanna cabhrach agus na cabhracha leithleacha seo a a leanas arna gcur in éifeacht i mBallstát nua roimh dháta an Aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar tráth an aontachais gur cabhair atá ann iad de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE:

   (a) bearta cabhrach a cuireadh in éifeacht roimh an 10 Nollaig 1994;

   (b) bearta cabhrach atá liostaithe san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;

   (c) bearta cabhrach a rinne an t-údarás Stáit um faireachán cabhrach de chuid an Bhallstáit nua a mheasúnú roimh dháta an aontachais agus a fuarthas a bheith ag luí leis an acquis, agus nach ndearna an Coimisiún agóid ina leith ar an bhforas go raibh amhras tromchúiseach ann an raibh an beart ag luí leis an gcómhargadh, de bhun an nós imeachta atá leagtha amach i mír 2.

   Gach beart atá fós infheidhme tar éis dháta an aontachais arb éard é státchabhair agus nach gcomhallann na coinníollacha atá leagtha amach thuas, measfar gur cabhair nua é tráth an aontachais chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 88(3) de Chonradh CE.

Níl feidhm ag na forálacha thuas maidir le cabhair d'earnáil an iompair ná do ghníomhaíochtaí atá nasctha leis na táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh CE a tháirgeadh, a phróiseáil nó a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí atá díorthaithe uathu.

Beidh na forálacha thuas gan dochar do na bearta idirthréimhseacha i dtaca le beartas iomaíochta atá leagtha amach san Ionstraim seo.

2. Sa mhéid gur mian le Ballstát nua go scrúdódh an Coimisiún beart cabhrach faoin nós imeachta atá leagtha amach i mír 1(c), soláthróidh sé go tráthrialta don Choimisiún:

(a) liosta de bhearta cabhrach atá ann atá measúnaithe ag an údarás Stáit um faireachán cabhrach agus a fuair an t-údarás sin a bheith ag luí leis an acquis; agus

(b) aon fhaisnéis eile atá fíor-riachtanach chun a mheasúnú an bhfuil an beart cabhrach atá le scrúdú comhchuí,

i gcomhréir leis an bhformáid tuarascála shonrach arna soláthar ag an gCoimisiún.

Mura ndéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne an bhirt chabhrach atá ann ar an bhforas go bhfuil amhras tromchúiseach ann an bhfuil an beart ag luí leis an gcómhargadh, laistigh de 3 mí tar éis dó an fhaisnéis iomlán maidir leis an mbeart sin a fháil nó ráiteas a fháil ón mBallstát nua ina gcuireann sé in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar iomlán toisc nach bhfuil an fhaisnéis bhreise ar fáil nó gur soláthraíodh cheana í, measfar nach bhfuil an Coimisiún tar éis agóid a dhéanamh.

Gach beart cabhrach a thíolactar don Choimisiún faoin nós imeachta atá leagtha amach i mír 1(c) thuas roimh dháta an aontachais, beidh sé faoi réir an nós imeachta thuas, is cuma go bhfuil an Ballstát nua tar éis teacht chun bheith ina chomhalta den Aontas le linn na tréimhse scrúdaithe.

3. Measfar cinneadh ón gCoimisiún agóid a dhéanamh i leith birt, de réir bhrí mhír 1(c), mar chinneadh nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999[1] ón gComhairle ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 den Chonradh a chur i bhfeidhm.

Má ghlactar cinneadh den sórt sin roimh dháta an aontachais, ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm go dtí dáta an aontachais.

---

1 IO L 83, 27.3.99, lch. 1.

4. Maidir le cabhair d’earnáil an iompair, scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna gcur in éifeacht i mBallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá infheidhme fós tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair atá ann iad de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE go dtí deireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, ar chuntar go gcuirtear i bhfios don Choimisiún iad laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh an fhoráil seo gan dochar do na forálacha a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal 88 de Chonradh CE.

Modhnóidh na Ballstáit nua aon chabhair a mheastar a bheith ann chun na treoirlínte a chomhlíonadh arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi cheann dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais ar a dhéanaí.

Cabhracha atá ann agus pleananna chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur i bhfios don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha i bhfios nó curtha in iúl ar dháta an aontachais.

4. AN TALMHAÍOCHT

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal II, Talmhaíocht

1. Is é an Comhphobal a ghabhfaidh chuige féin stoic phoiblí atá á sealbhú ag na Ballstáit nua de thairbhe a mbeartas tacaíochta do mhargaí ag an luach a leanann ó chur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 1833/88 ón gComhairle ag leagan síos rialacha ginearálta do mhaoiniú idirghabhála ag Roinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta [1]. Ní ghabhfar na stoic a dúradh ach ar choinníoll go bhforáiltear i rialacha an Chomhphobail d'idirghabháil phoiblí do na táirgí i dtrácht agus go gcomhallann na stoic ceanglais idirghabhála an Chomhphobail.

2. Ní foláir do na Ballstáit nua aon stoc de tháirgí, príobháideach mar aon le poiblí, atá ar saorchúrsaíocht laistigh de chríoch na mBallstát nua ar dháta an aontachais agus a théann thar an gcainníocht ba inmheasta mar ghnáthstoc le tabhairt anonn a dhíchur ar a gcostas féin.

   Déanfar an coincheap faoi ghnáthstoic le tabhairt anonn a shainiú do gach táirge i bhfianaise na gcritéar agus na gcuspóirí is sonrach do gach comheagraíocht mhargaidh.

[1] IO L 216, 5.8.1978, lch. 1.

3. Déanfar na stoic dá dtagraítear i mír 1 a asbhaint ón gcainníocht a théann thar an ngnáthstoc le tabhairt anonn.

4. Déanfaidh an Coimisiún na socruithe atá tuairiscithe thuas a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1258/1999 ón gComhairle maidir le maoiniú an chomhbheartais talmhaíochta [1] nó, mar is iomchuí, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle maidir le comheagraíocht na margaí in earnáil an tsiúcra [2], nó, mar is iomchuí, sna hAirteagail chomhfhreagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta nó i gcomhréir leis an nós imeachta coiste ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme.

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta

Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal 88 de Chonradh CE, measfar faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas gur cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeonú do ghníomhaíochtaí atá nasctha le táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh CE a tháirgeadh, a phróiseáil agus a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí arna ndíorthú uathu, arna gcur i gcrích i mBallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin,

---

[1] IO L 160, 26.6.1999, lch. 103.
[2] IO L 178, 30.6.2001, lch. 1.

– cuirfear na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh sa chumarsáid faisnéis faoin mbunús dlí atá ag gach beart. Bearta cabhrach atá ann agus pleananna chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais. Foilseoidh an Coimisiún liosta de chabhracha den sórt sin.

Measfar gur cabhair "atá ann" de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE na bearta cabhrach sin go dtí deireadh an tríú bliain tar éis an aontachais.

Modhnóidh na Ballstáit nua na bearta cabhrach sin, nuair is gá, chun na treoirlínte a chomhlíonadh arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi cheann dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais ar a dhéanaí. Tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair nua aon chabhair a fhaightear nach bhfuil ag luí leis na treoirlínte sin.

5. AN tAONTAS CUSTAIM

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal I, Saorghluaiseacht earraí, Caibidil 1, An tAontas Custaim

31992 R 2913: Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail (IO Uimh. L 302, 19.10.1992, lch. 1) mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32000 R 2700: Rialachán (CE) Uimh. 2700/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16.11.2000 (IO L 311, 12.12.2000, lch. 17);

31993 R 2454: Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

32002 R 0444: Rialachán (CEE) Uimh. 444/2002 ón gComhairle an 11.3.2002 (IO L 68, 12.3.2002, lch. 11).

Beidh feidhm ag Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

1. D’ainneoin Airteagal 20 de Rialachán (CEE) Uimh. 3913/92, earraí atá ar dháta an aontachais i stóráil shealadach nó faoi cheann de na córacha agus nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(15)(b) agus (16)(b) go (g) den Rialachán sin sa Chomhphobal arna mhéadú, nó atá á n-iompar laistigh den Chomhphobal arna mhéadú tar éis bheith faoi réir foirmiúlachtaí custaim, beidh siad saor ó dhleachtanna custaim agus aon bhearta eile custaim nuair a iontrálfar i saorchúrsaíocht iad ar choinníoll go dtíolactar aon cheann de na cruthúnais seo a leanas:

(a) cruthúnas tionscnaimh fabhair arna eisiúint go cuí faoi cheann de na Comhaontuithe Eorpacha (atá liostaithe thíos) nó faoi na comhaontuithe fabhair coibhéiseacha arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit nua féin ina bhfuil toirmeasc ar aisíocaíocht dleachtanna custaim ar ábhair neamh-thionscnaimh arna n-úsáid i monarú táirgí dá ndéantar cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a dhéanamh amach nó ar dhíolúine ó dhleachtanna custaim den sórt sin (riail na neamh-aisíocaíochta);

(b) aon cheann de na cruthúnais ar stádas Comhphobail dá dtagraítear in Airteagail 314c agus 315 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93.

2. Chun críocha na cruthúnais dá dtagraítear i mír 1(b) thuas a eisiúint i ndáil leis an staid ar dháta an aontachais agus i dteannta le forálacha Airteagal 4(7) de Rialachán (CEE) Uimh. 291/92, ciallóidh "earraí Comhphobail":

– earraí arna bhfáil go hiomlán ar chríoch aon cheann de na Ballstáit nua faoi choinníollacha is comhionann le coinníollacha Airteagal 23 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 nach n-ionchorpraíonn earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó críocha eile;

– earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó críocha seachas an tír i dtrácht agus arna scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta sa tír sin;

– earraí arna bhfáil nó arna dtáirgeadh sa tír i dtrácht ó earraí dá dtagraítear sa dara fleasc den mhír seo, agus uathu siúd amháin, nó ó earraí dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc den mhír seo.

Na Comhaontuithe Eorpacha:

– 21994 A 1231 (34): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Seice, den pháirt eile – Prótocal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap táirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh[1];

– 21998 A 1231 (34): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hEastóine, den pháirt eile – Prótocal 3 maidir leis an sainmhíniú de tháirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh[2];

– 21998 A 0202 (01): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Laitvia, den pháirt eile – Prótocal 3 maidir leis an sainmhíniú de tháirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh[3];

---

1 IO L 360, 31.12.1994, lch. 2. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0178: Cinneadh Uimh.2/2001 ó Chomhairle Chomhlachais AE-Phoblacht na Seice an 23.1.2001 (IO L 64, 6.3.2001, lch. 36).

2 IO L 68, 9.3.1998, lch. 3. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0211: Cinneadh Uimh.3/2001 ó Chomhairle Chomhlachais AE na hEastóine an 19.2.2001 (IO L 79, 17.3.2001, lch. 26)

3 IO L 26, 2.2.1998, lch. 3. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0167: Cinneadh Uimh.1/2001 ó Chomhairle Chomhlachais AE- na Laitvia an 23.1.2001 (IO L 60, 1.3.2001, lch. 54).

– 21998 A 1231 (34): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Liotuáine, de pháirt eile – Prótocal 3 maidir leis an sainmhíniú de tháirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh [1];

– 21993 A 1231 (13): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hUngáire den pháirt eile – Prótocal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap táirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh [2];

– 21993 A 1231 (18): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Polainne, den pháirt eile – Prótocal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap táirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh [3];

---

[1] IO L 51, 20.2.1998, lch. 3. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0236: Cinneadh Uimh.1/2001 ó Chomhairle Chomhlachais AE-na Liotuáine an 25.1.2001 (IO L 85, 24.3.2001, lch. 24).

[2] IO L 347, 31.12.1993, lch. 2. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0120 (01): Cinneadh Uimh.4/2000 ó Chomhairle Chomhlachais AE-na hUngáire an 22.12.2000 (IO L 19, 20.1.2001, lch. 26).

[3] IO L 348, 31.12.1993, lch. 2. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0120 (02): Cinneadh Uimh.4/2000 ó Chomhairle Chomhlachais AE-na Polainne an 29.12.2000 (IO L 19, 20.1.2001, lch. 29)

– 21999 A 1231 (13): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh, de pháirt amháin, agus Poblacht na Slóivéine, den pháirt eile – Prótocal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap táirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh [1];

– 21994 A 1231 (30): Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Slóvaice, den pháirt eile – Prótocal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap táirgí tionscnaimh agus le modhanna comhair riarthaigh [2].

3. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart a chineann ón gcomhbheartas tráchtála, glacfar sna Ballstáit nua faoi seach le cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint go ceart ag tríú tíortha faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstát nua leis na tíortha sin nó faoi chuimsiú reachtaíocht náisiúnta aontaobhach na mBallstát nua, ar chuntar:

---

1 IO L 51, 26.2.1999, lch. 3. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0217 (02): Cinneadh Uimh.5/2000 ó Chomhairle Chomhlachais AE-na Slóivéine an 22.12.2000 (IO L 48, 17.2.2001, lch. 23).

2 IO L 359, 31.12.1994, lch. 2. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le 22001 D 0237: Cinneadh Uimh.2/2001 ó Chomhairle Chomhlachais AE-na Slóvaice an 22.2.2001 (IO L 85, 24.3.2001, lch. 27).

(a) go ndeonaíonn fáil tionscnaimh den sórt sin cóir tharaife fabhair ar bhonn na mbeart taraife fabhair i gcomhaontuithe nó socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha nó grúpaí díobh nó arna nglacadh aige ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(d) agus (e) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92;

(b) go bhfuiltear tar éis an cruthúnas tionscnaimh agus na doiciméid iompair a eisiúint an lá roimh an aontachas ar a dhéanaí;

(c) go gcuirtear an cruthúnas tionscnaimh faoi bhráid na n-údarás custaim ceithre mhí i ndiaidh an aontachais ar a dhéanaí.

Nuair a dearbhaíodh earraí le haghaidh allmhairiú i mBallstát nua roimh dháta an aontachais, faoi shocruithe fabhair atá i bhfeidhm sa Bhallstát nua sin an tráth sin, glacfar freisin sna Ballstáit nua leis an gcruthúnas tionscnaimh arna eisiúint go cúlghabhálach faoi na socruithe sin ar chuntar go dtíolactar do na húdaráis chustaim é laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

4. Údaraítear do Phoblacht na Seice, don Eastóin, don Laitvia, don Liotuáin, don Ungáir, don Pholainn, don tSlóivéin agus don tSlóvaic na húdaruithe lenar deonaíodh an stádas "onnmhaireoirí formheasta" faoi chuimsiú na gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha a choinneáil, ar chuntar:

(a) go bhforáiltear freisin d'fhoráil den sórt sin sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích roimh dháta an aontachais ag na tríú tíortha sin leis an Aontas; agus

(b) go gcuireann na honnmhaireoirí formheasta na rialacha tionscnaimh Comhphobail i bhfeidhm.

Déanfaidh na Ballstáit nua údaruithe nua arna n-eisiúint faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail a chur in ionad na n-údaruithe sin tráth nach déanaí ná bliain tar éis dháta an aontachais.

5. Go ceann tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas tionscnaimh i dtrácht a eisiúint, glacfaidh údaráis inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na mBallstát nua le hiarrataí ar fhíorú iardain cruthúnas tionscnaimh arna eisiúint faoi na comhaontuithe agus na socruithe fabhair dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh go ceann tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas tionscnaimh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

6. Nuair a eisíodh an cruthúnas tionscnaimh agus/nó na doiciméid iompair roimh dháta an aontachais agus nuair is gá foirmiúlachtaí custaim i ndáil le trádáil earraí idir na Ballstáit nua agus na Ballstáit láithreacha nó idir na Ballstáit nua féin, beidh feidhm ag forálacha na bPrótacal maidir leis an sainmhíniú den choincheap "táirgí tionscnaimh" agus le modhanna comhair riarthaigh a ghabhann leis na Comhaontuithe ábhartha.

7. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a rialaíonn stórasú custaim atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 98 go 113 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 agus Airteagail 496 go 535 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

   – déanfar an nós imeachta a urscaoileadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, measfar gur acmhainní dílse an Chomhphobail an méid arna íoc. Nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn rangú taraife na n-earraí allmhairíochta, an chustamluacha agus chainníocht na n-earraí allmhairíochta tráth glactha an dearbhaithe iad a bheith curtha faoi stórasú custaim agus nuair a glacadh leis an dearbhú sin roimh an aontachas, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh dháta an aontachais sa Bhallstát nua i dtrácht.

8. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil isteach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 114 go 129 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 536 go 550 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

– déanfar an nós imeachta a urscaoileadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, measfar gur acmhainní dílse an Chomhphobail an méid arna íoc. Nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn rangú taraife, chainníocht, chustamluach agus thionscnamh na n-earraí allmhairíochta tráth glactha an dearbhaithe iad a bheith curtha faoi phróiseáil isteach agus nuair a glacadh leis an dearbhú sin roimh dháta an aontachais, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh an aontachas sa Bhallstát nua i dtrácht;

– nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, d'fhonn an cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaruithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí sna Ballstáit nua, íocfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail ó dháta an aontachais;

– má glacadh leis an dearbhú um próiseáil isteach faoi chóras aisíocaíochta dleachta, is é an Ballstát nua ar a chostas féin a dhéanfaidh an aisíocaíocht dleachta faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail má tabhaíodh an fiachas custaim a n-iarrtar a aisíocaíocht dleachta roimh dháta an aontachais.

9. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil faoi rialú custaim atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 130 go 136 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 551 go 552 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

– déanfar an nós imeachta a urscaoileadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, measfar gur acmhainní dílse an Chomhphobail an méid arna íoc.

10. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a rialaíonn allmhairiú sealadach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 137 go 144 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 553 go 584 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

– déanfar an nós imeachta a urscaoileadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, measfar gur acmhainní dílse an Chomhphobail an méid arna íoc. Nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn rangú taraife, chainníocht, chustamluach agus thionscnamh na n-earraí allmhairíochta tráth glactha an dearbhaithe iad a bheith curtha faoi allmhairiú sealadach agus nuair a glacadh leis an dearbhú sin roimh an aontachas, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh an aontachas sa Bhallstát nua i dtrácht;

– nuair a éiríonn fiachas custaim ón urscaoileadh, d'fhonn an cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaruithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí sna Ballstáit nua, íocfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail ó dháta an aontachais.

11. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil amach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 145 go 160 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 585 go 592 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

– déanfar an nós imeachta a urscaoileadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, measfar gur acmhainní dílse an Chomhphobail an méid arna íoc. Beidh feidhm ag an dara mír d'Airteagal 591 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 mutatis mutandis maidir le hearraí onnmhairíochta sealadaí arna n-onnmhairiú go sealadach ó na Ballstáit nua roimh dháta an aontachais.

12. Beidh údaruithe arna nglacadh roimh dháta an aontachais ar mhaithe leis na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear i míreanna 8, 9 agus 11 thuas bailí go dtí deireadh a mbailíochta nó bliain amháin tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

13. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a rialaíonn fiachas custaim a thabhú atá leagtha síos in Airteagail 201 go 232 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 agus Airteagail 859 go 876a de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

– déanfar an gnóthú faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a tabhaíodh an fiachas custaim roimh dháta an aontachais, áfach, is é an Ballstát nua i dtrácht a dhéanfaidh an gnóthú faoina choinníollacha féin ina fhabhar féin.

14. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a rialaíonn dleacht a aisíoc agus a loghadh atá leagtha síos in Airteagail 235 go 242 de Rialachán (CEE) Uimh.2913/92 agus Airteagail 877 go 912 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

– déantar dleachtanna a aisíoc agus a loghadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a bhaineann na dleachtanna a n-iarrtar a n-aisíocaíocht nó a loghadh le fiachas custaim a tabhaíodh roimh dháta an aontachais, áfach, is é an Ballstát nua i dtrácht ar a chostas féin a dhéanfaidh an aisíocaíocht agus an loghadh dleachtanna faoina choinníollacha féin.

## Foscríbhinn a ghabhann le hIARSCRÍBHINN IV

LIOSTA NA mBEART DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE 1(b) DEN SÁSRA CABHRACH ATÁ ANN DÁ bhFORÁILTEAR I gCAIBIDIL 3 d'IARSCRÍBHINN IV

Nóta: Ní mheasfar na bearta cabhrach atá liostaithe san Fhoscríbhinn seo mar chabhair atá ann ach amháin chun críocha an sásra cabhrach atá ann atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Ionstraim seo a chur i bhfeidhm a mhéad a thagann siad faoi réim na chéad mhíre de.

| Uimh. | | | Teideal (sa bhunteanga): | Dáta ar thug an t-údarás náisiúnta faireacháin ar státchabhair formheas | Ré |
|---|---|---|---|---|---|
| BS | Uimh. | Bliain | | | |
| CZ | 1 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Candy Elletrodomestici S.r.l. | 2/06/2000 | 10 bliain |
| CZ | 2 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost ARROW International CR, a.s. | 2/06/2000 | 5 bliain |
| CZ | 6 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Viscofán, a.s. | 2/08/2000 | 10 bliain |
| CZ | 7 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Foxteq Holdings Inc. | 29/08/2000 | 10 bliain |
| CZ | 8 | 2002 | Programy výzkumu a vývoje Ministerstva průmyslu a obchodu | 19/09/2000 | 31/12/2005 |
| CZ | 9 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Rodenstock ČR, s.r.o. | 9/08/2000 | 5 bliain |
| CZ | 10 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Danone, a.s. | 23/10/2000 | 5 bliain |
| CZ | 11 | 2002 | Dotace na nápravu škod na životním prostředí vlivem těžby | 27/09/2000 | 31/12/2006 |
| CZ | 13 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost RAKO, a.s. | 19/09/2000 | 5 bliain |
| CZ | 14 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Precision Castports Corp. | 5/09/2000 | 10 bliain |
| CZ | 15 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Saar-Gummiwerk GmbH. | 7/09/2000 | 10 bliain |
| CZ | 16 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Aisan Industry Co., Ltd. | 7/11/2000 | 10 bliain |
| CZ | 18 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Danzer Furnierwerke, GmbH. | 5/10/2000 | 10 bliain |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CZ | 19 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost Nová Mosilana, a.s. | 2/11/2000 | 10 bliain |
| CZ | 20 | 2002 | Investiční pobídka pro společnost TRUSTFIN-Vanguard, a.s. | 10/11/2000 | 5 bliain |
